CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

# **Breithiúnais** na Cúirte Breithiúnais i gCásanna C-163/24 | Statul Român – Ministerul Finanţelor Publice agus Curtea de Apel Bucureşti agus C-293/24 | Ferreira da Silva e Brito agus páirtithe eile

Preaseisiúint Uimh. 120/26

Lucsamburg, 8 Meán Fómhair 2026

## Dliteanas i leith sárú ar dhlí an Aontais Eorpaigh: soiléiríonn an Chúirt na coinníollacha faoina bhféadfaidh duine aonair cúiteamh a fháil tar éis cinneadh breithiúnach atá contrártha le dlí an Aontais

*Deimhníonn sí, inter alia, gur gá gur deonaíodh cearta do dhaoine aonair leis an riail a sáraíodh agus, i gcás ina mainníonn an chúirt náisiúnta ceist a chur ar an gCúirt Bhreithiúnais faoi léiriú na rialach sin, go bhféadfaidh sé sin rannchuidiú le dliteanas a shuí*

In dhá bhreithiúnas a tugadh inniu, d'fhorbair an Chúirt Bhreithiúnais a cásdlí maidir le dliteanas na mBallstát as sáruithe ar dhlí an Aontais Eorpaigh arna ndéanamh ag cúirt náisiúnta a dhéanann breithniú ag an gcéim dheireanach agus an ról atá ag sárú ar an oibleagáid ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais á shoiléiriú aici. Mar sin, i gcás de chuid na Rómáine, cuireann sí in iúl nach féidir dliteanas den sórt sin a shuí ach amháin má tá sárú ar riail eile de dhlí an Aontais lena bhféachtar le cearta a dheonú do dhaoine aonair ag gabháil leis an sárú ar an oibleagáid ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais. Níorbh amhlaidh an cás sa chás seo, os rud é go saothraítear leis na rialacha atá i gceist maidir le dáileachtaí talmhaíochta a shainaithint go beacht an cuspóir leasa phoiblí ghinearálta um leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. I gcás de chuid na Portaingéile, is amhlaidh go raibh cuspóir den sórt sin ag na rialacha atá i gceist, a cuireadh i bhfeidhm go mícheart i mbreithiúnas cúirte uachtaraí ó 2009, ós rud é gur cosnaíodh fostaithe leo i gcás aistriú gnóthais. Sonraíonn an Chúirt Bhreithiúnais gur faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú sárú atá tromchúiseach go leor ar dhlí an Aontais i gceist leis an mbreithiúnas sin, atá ar cheann de na coinníollacha faoina bhféadfaidh Ballstát dliteanas a thabhú mar gheall ar shárú ar dhlí an Aontais ag ceann dá chúirteanna a dhéanann breithniú ag an gcéim dheireanach. Mar sin féin, leagann sí béim ar thosca áirithe a ndéanann sí cur síos orthu mar thosca cinntitheacha don scrúdú sin, rud a thugann le fios go gcomhlíontar an coinníoll sin go deimhin sa chás sna príomhimeachtaí.

**I gCás C-163/24**, rinne feirmeoir Rómánach iarratas in 2007 ar chabhair talmhaíochta le haghaidh achar dromchla de 264.71 ha. Tar éis seiceáil a dhéanamh, mheas údarás inniúil na Rómáine nach raibh san achar dromchla iarbhír inghlactha ach 180.62 ha agus dhiúltaigh sé don iarraidh. Diúltaíodh do na caingne a tionscnaíodh i gcoinne an chinnidh sin, toisc gur dhiúltaigh Cúirt Achomhairc Bhúcairist, in 2012, an t-ábhar a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun léiriú a fháil ar an Rialachán maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe le haghaidh cabhair talmhaíochta [1]. Ansin thug an feirmeoir caingean i gcoinne Stát na Rómáine i leith dliteanas as sárú ar dhlí an Aontais Eorpaigh. Ar achomharc, chuir an chúirt achomhairc sin ceist ar an gCúirt Bhreithiúnais ar deireadh, *inter alia*, chun a fháil amach ar fhág an diúltú tosaigh tarchur chun réamhrialú a dhéanamh go raibh Stát na Rómáine faoi dhliteanas.

**I gCás C-293/24**, d'áitigh fostaithe an aeriompróra de chuid na Portaingéile, Air Altantis, a dífhostaíodh le linn fhoirceannadh na cuideachta sin in 1993, gurb amhlaidh, i gcomhthéacs 'aistriú gnóthais' de réir bhrí na Treorach maidir le haistriú gnóthas [2], gur ghlac Transportes Aéreos Portugueses cuid dá ghníomhaíochtaí ar láimh. D'iarr siad, freisin, go ndéanfaí iad a chomhtháthú sa ghnóthas sin. In 2009, dhiúltaigh Cúirt Uachtarach na Portaingéile ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir leis an gcoincheap 'aistriú gnóthais' agus dheimhnigh sí gur dhiúltaigh cúirteanna íochtaracha na Portaingéile do chaingean na bhfostaithe. Ansin, thionscain na fostaithe caingean le haghaidh

dliteanais i gcoinne Stát na Portaingéile as sárú ar dhlí an Aontais inchurtha i leith na Cúirte Uachtaraí. Ós rud é gur tharchuir an chúirt chéadchéime sin ceist chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú, chinn an Chúirt sin, in 2015, ar an gcéad dul síos, gur tharla aistriú gnóthais sa chás seo agus, ar an dara dul síos, gur cheart don Chúirt Uachtarach tarchur a dhéanamh chun réamhrialú [3]. D'ainneoin an bhreithiúnais sin, dhiúltaigh cúirteanna na Portaingéile do chaingean na bhfostaithe ar an bhforas, *inter alia*, gur bhraith an Chúirt Bhreithiúnais, ina breithiúnas, ar chásdlí a bhaineann leis an gcoincheap 'aistriú gnóthais' a tháinig chun cinn tar éis bhreithiúnas Chúirt Uachtarach na Portaingéile 2009. In achomharc urghnách ar phointe dlí, chuir an Chúirt Uachtarach an cheist faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais ar deireadh chun a fháil amach arbh ionann an seasamh a ghlac sí in 2009 agus sárú sách tromchúiseach ar dhlí an Aontais a d'fhéadfadh dliteanas Stát na Portaingéile a bheith i gceist leis.

A mhéid a bhaineann leis na coinníollacha lena bhféadfadh Ballstát dliteanas a thabhú trí shárú a dhéanamh ar dhlí an Aontais, meabhraíonn an Chúirt go bhfuil ceart chun cúitimh ag na daoine a líomhnaítear gur bhain damáiste dóibh nuair a chomhlíontar trí choinníoll charnacha: go bhfuil sé beartaithe le riail dhlí an Aontais a sáraítear cearta a thabhairt dóibh, go bhfuil sárú na rialach sin tromchúiseach go leor, agus go bhfuil nasc díreach cúisíoch idir an sárú sin agus na damáistí a dhéantar do na daoine aonair sin. Tá feidhm ag an bprionsabal sin freisin nuair a leanann an sárú as cinneadh arna thabhairt ag cúirt nach bhfuil leigheas breithiúnach ann faoin dlí náisiúnta in aghaidh a cinntí.

I gCás C-163/24, tugann an Chúirt dá haire, i gcás ina bhfuil sárú ar an oibleagáid tarchur chun réamhrialú a dhéanamh i gceist, nach féidir dliteanas Ballstáit a shuí ach amháin **má tá sárú ar riail eile de dhlí an Aontais lena bhféachtar le cearta a dheonú do dhaoine aonair ag gabháil leis an sárú sin. Ní leor sárú ar an oibleagáid tarchur a dhéanamh, ann féin, chun dliteanas Ballstáit a chruthú.** Sa chás seo, ar thaobh amháin, leis an bhforáil den Rialachán maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe le haghaidh cabhair talmhaíochta atá i gceist, ní dheonaítear aon cheart d'fheirmeoir a bhfuil iarratas déanta aige ar chabhair talmhaíochta, ós rud é gurb é an t-aon chuspóir atá leis an bhforáil sin leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ar an taobh eile, ní cheadaítear leis na coinníollacha inar ghníomhaigh an feirmeoir Rómánach foráil eile de dhlí an Aontais atá i Rialachán eile a agairt, lena gcuimsítear an cás d'earráid inmhaite.

I gCás C-293/24, chinn an Chúirt go bhféachtar leis na forálacha den Treoir maidir le haistriú gnóthais le cearta a dheonú do dhaoine aonair, sa chaoi go gcomhlíontar go deimhin an chéad choinníoll maidir le dliteanas a chur ar Stát na Portaingéile i ndáil le Cinneadh na Cúirte Uachtaraí in 2009. Maidir leis an dara coinníoll, a bhaineann le sárú atá tromchúiseach go leor arna dhéanamh ag an gcúirt lena mbaineann ar dhlí an Aontais, tugann an chúirt trí thoisc dá haire a ndéanann sí cur síos orthu mar thosca cinntitheacha. I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, measann sí go raibh an réiteach a glacadh ina breithiúnas 2015 soiléir cheana féin ón gcásdlí roimh chinneadh diúltaithe 2009 ó Chúirt Uachtarach na Portaingéile, atá curtha ó bhail ag meascán d'earráidí maidir le léiriú ar dhlí an Aontais. .Ar an dara dul síos, is fianaise chuige sin freisin é ar shárú sách tromchúiseach ar dhlí an Aontais é gur imigh Cúirt Uachtarach na Portaingéile ón treoir a d'eascair as an gcásdlí a bhí ann roimh an gcinneadh sin ó 2009 gan iarraidh ar réamhrialú a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais, d'ainneoin na hoibleagáide atá uirthi ina leith sin. Ar an tríú dul síos, ní fhéadfadh sé nach raibh an Chúirt Uachtarach sin ar an eolas go raibh comhréireacht an chur chuige mhodheolaíoch a ghlac sí sa chinneadh sin le dlí an Aontais i gcroílár iarrata ar réamhrialú a bhí ar feitheamh os comhair na Cúirte ag an am sin, rud lena bhféadfaí a shuíomh nach raibh an sárú ar dhlí an Aontais arna dhéanamh ag an gcúirt náisiúnta sin inmhaite. I bhfianaise na dtosca sin go léir, **dealraíonn sé go ndéantar sárú sách tromchúiseach ar dhlí an Aontais leis an mbreithiúnas ó 2009, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú, áfach, mar is amhlaidh i gcás an naisc chúisíoch idir an sárú sin agus na damáistí a d'iarr iarfhostaithe Air Atlantis a chúiteamh sa chás sna príomhimeachtaí**.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta chun déileáil le hiarrataí ar réamhrialú a bhaineann go heisiach le 1) an comhchóras cánach breisluacha (CBL), 2) dleachtanna máil, 3) an Cód Custaim, 4) rangú earraí de réir taraife faoin Ainmníocht Chomhcheangailte, 5) cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó moill ar sheirbhísí iompair nó cealú seirbhísí iompair nó 6) an córas um lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil. Tá

dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais chun déileáil le gach iarraidh eile ar réamhrialú.

Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais ná an Chúirt Ghinearálta an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais nó ón gCúirt Ghinearálta. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Baineann na fíorais agus an dlí lena mbaineann leis an tréimhse ábhartha agus tá siad bunaithe ar na cáschomhaid.

Foilsítear téacs iomlán na mbreithiúnas (C-163/24 agus C-293/24) agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre orthu, ar shuíomh gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar fáil ar “Curia Web TV” agus “European Broadcasting Service” ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Rialachán (CE) Uimh. 796/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le tras-chomhlíonadh, modhnú agus an córas comhtháite riaracháin agus rialaithe dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 ag bunú comhrialacha do scéimeanna tacaíochta dírí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus ag bunú scéimeanna áirithe tacaíochta le haghaidh feirmeoirí.

[2] Treoir 77/187/CEE ón gComhairle an 14 Feabhra 1977 agus Treoir 2001/23/CE ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le comhfhogasú a dhéanamh ar dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cearta na bhfostaithe a choimirciú i gcás aistriú gnóthas nó gnólachtaí nó codanna de ghnóthais nó de ghnólachtaí

[3] Breithiúnas na Cúirte an 9 Meán Fómhair 2015 i gCás *Ferreira da Silva e Brito agus páirtithe eile,* C-160/14 (féach, freisin, Preaseisiúint Uimh. 96/15)